Comhairle Chontae na Gaillimhe.

# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

MC –Tuarascáil Nuashonraithe Bhreise Measúnachta Cumaisc (Ag dul i ngleic le tionscadail agus pleananna beartaithe agus ceadaithe ó foilsíodh an Ráiteas Tionchair Natura)

| Eagrán 3 | Leagan Deiridh 3 Samhain 2020

Uimhir Jab 223985-00

**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**
Teach Corparáideach
Páirc Ghnó Oirthear na
Cathrach, Baile an
Bhriotaigh
Gaillimh
H91 K5YD
Éire

ARUP

# Clár an Ábhair

Lch

**1 Réamhrá 1**

1.1 Cúlra 1

1.2 Pleananna agus tograí eile a tugadh san áireamh ó foilsíodh an RTN 2

**2 Measúnacht Chumaisc Fhoriomlán 7**

# 1 Réamhrá

## 1.1 Cúlra

Cuirtear an mheasúnacht maidir le tionchar carnach i ndáil leis an mbóthar beartaithe (Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 CBCG), a fhorbairt i gcumasc le pleananna agus tograí eile i láthair in Tábla 12.2 i gCuid 12 den Ráiteas Tionchair (RTN) (leathanaigh 329-380 agus i gCuid 4.14 sa Fhreagra ar an Iarratas maidir le Tuilleadh Faisnéise (RTN) Leathanach 62.

De réir mar a d'iarr an Bord, rinneadh iomlán na bpleananna agus na dtograí a mheas in éineacht don mheasúnacht cumaisc in gCuid 4.14 14.4 seachas ina bpéirí (nó ina gceann agus ina gceann) i gcumasc leis an N6 CBCG agus thángthas ar an gcomhairle nach dtarlódh aon tionchar cumaisc mar gheall ar aon cheann de na pleananna ná de na tograí a thugtar san áireamh san RTN agus san RTN i gcumasc leis an N6 CBCG a rachadh chun dochair do na haidhmeanna caomhantais maidir le Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe, Limistéar SPA Loch Coirib agus Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh agus nach dtarlódh aon thionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha sin. Deimhnítear nach bhfuil ábhar amhrais ó thaobh na heolaíochta i leith na comhairle sin.

Sa Tuarascáil Nuashonraithe Aguisín a cuireadh faoi bhráid na hÉisteachta ó Bhéal an 10 Márta 2020 agus a uaslódáladh chuig an láithreán gréasáin seo a leanas: http://www.n6galwaycityringroad.ie/, rinneadh measúnú agus breithniú ar aon tionchar cumaisc a bheadh ag aon phlean a foilsíodh ó foilsíodh an RTN an 10 Márta 2020 nó aon tograí a ceadaíodh nó aon iarratas forbartha atá faoi réir ceadaithe ón dáta sin.

Ó tharla gur cuireadh an Éisteacht ó Bhéal ar atráth mar gheall ar Covid-19 measadh gur cheart an Tuarascáil Bhreise Nuashonraithe sin a nuashonrú san idirthréimhse.

*Tionscadail*

Tá athrú ar stádas roinnt de na tionscadail reatha a ndearnadh measúnacht orthu ar dtús:

- Dhá thionscadal: Diúltaíodh cead do 305982-19 (Gort na Bró) agus 306413-19 (Cnoc an Rois).
- Tionscadal amháin: Tá fógra tugtha go bhfuil cinneadh déanta cead pleanála a dheonú (atá faoi achomharc le ABP) do 19/372 (páirceanna nua NUIG).
- Dhá thionscadal: Tá cead pleanála tugtha do 306222-19 (Bóthar an Bhaile Bháin Mhóir) agus 306403-19/306403- 20 (Bóthar Chúil Each).

Déantar an trí thionscadal, a bhfuil fógra faighte acu go bhfuil cinneadh déanta cead pleanála a dheonú dóibh nó a bhfuil cead pleanála faighte acu, a athbhreithniú tuilleadh sa tuarascáil seo lena dheimhniú an raibh aon athruithe i gceist ó rinneadh iad a mheas/a bhreithniú go deireadh.

Ní gá na tionscadail sin a diúltaíodh a bhreithniú feasta mar chuid den phróiseas

measúnachta cumaisc.

Tá athbhreithniú nuashonraithe tugtha chun críche ón 10 Márta 2020 ar na hiarratais reatha atá sna comhaid pleanála ag:

i. Comhairle Cathrach na Gaillimhe

ii. Comhairle Chontae na Gaillimhe

iii. Comhairlí Contae i gcontaetha in aice láimhe

iv. An Bord Pleanála

v. Tairseach EIA na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Ag eascairt as an athbhreithniú sin, rinneadh 4 thionscadal nua reatha a aithint a bhféadfadh tionchair chumaisc a bheith ag baint leo.

Tagraíodh san Éisteacht ó Bhéal do Chairéal [1] Chlaí an Dá Mhíle agus ar mhaithe lena chinntiú nach ndéantar aon ní a fhágáil ar lár rinneadh sin a mheas agus a bhreithniú sa Tuarascáil Nuashonraithe Aguisín seo i **dTábla 3** (i) i gcumasc leis an N6 CBCG, agus freisin (ii) i gcumasc leis an N6 CBCG, na pleananna agus tionscadail ar fad a bhreithnítear mar chuid den mheasúnacht cumaisc san RTN agus na pleananna agus tionscadail eile ar fad arna measúnú sa doiciméad seo.

*Pleananna*

Níl aon athrú ón 10 Márta 2020 ar stádas na bpleananna eile ar fad a ndearnadh measúnú orthu roimhe seo agus níl aon phleananna nua foilsithe ón dáta sin a mbeadh tionchar suntasach díreach, indíreach ná i gcumasc ar na láithreáin Eorpacha a phléitear anseo.

## 1.2 Pleananna agus tograí eile a tugadh san áireamh ó foilsíodh an RTN

Foráiltear in Airteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga*: "Maidir le haon phlean nó tionscadal nach bhfuil baint dhíreach aige le bainistiú an láithreáin, nó nach bhfuil gá leis i ndáil le bainistiú an láithreáin, ach ar dóigh dó éifeacht shuntasach a bheith aige ar an láithreán, as féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, beidh sé faoi réir measúnacht chuí ar na himpleachtaí atá aige don láithreán, ag féachaint do chuspóirí caomhantais an láithreáin. I bhfianaise thorthaí na measúnachta maidir lena mbeadh i gceist don láthair agus faoi réir ag forálacha alt 4, ní aontóidh na húdaráis inniúla náisiúnta leis an bplean nó leis an togra go mbíonn deimhnithe nach dtarlóidh tionchar chun dochair dá bharr ar shláine na láithreach faoi chaibidil agus, más cuí, go bhfaightear tuairim an phobail an gcoitinne*

Déantar sa tuarascáil bhreise seo aon tionchar, díreach, indíreach agus cumaisc, a bhreithniú a bheadh ag aon phlean a foilsíodh nó aon togra a ceadaíodh nó a ndearnadh iarratas ar chead pleanála maidir lena fhorbairt ó foilsíodh an RTN, a mbeadh i ndán go dtarlódh tionchar cumaisc dá bharr.

[1] Cairéal Chlaí an Dá Mhíle, Tuaim, Co. na Gaillimhe - Forbairt bhreise ar an gcairéal agus gach obair choimhdeach ar láithreáin i mBailte Fearainn an Phoill Chaoin agus Ballygaurran. ABP Tag QD0021. Deonaithe ag ABP an 25/07/2017. http://www.pleanala.ie/casenum/QD0021.htm

Rinneadh athbhreithniú ar na pleananna a foilsíodh ó cuireadh an RTN faoi bhráid a mbeadh i ndán go dtiocfadh tionchar cumaisc i gceist dá mbarr. De thoradh ar an athbhreithniú sin, sonraítear go bhfuil pleananna áirithe a bhfuil i ndán go mbeadh tionchar cumaisc dá mbarr ar na láithreacha Eorpacha thuas ar a meas in éineacht leis an M6 CBCG agus iomlán na bpleananna agus na dtograí a mheastar agus a bhreithnítear in Alt 12 san RTN agus in Alt 4.14 san RFI. Tugtar liosta díobh sin in **Tábla 1** thíos agus déantar iad a mheas.

Rinneadh athbhreithniú chomh maith maidir le tograí forbartha atá beartaithe nó ceadaithe trí na hiarratais reatha agus na hiarratais ceadaithe ar chead pleanála a mheas. Rinneadh athbhreithniú ar na hiarratais ar na comhaid pleanála ag:

i. Comhairle Cathrach na Gaillimhe

ii. Comhairle Chontae na Gaillimhe

iii. Comhairlí Contae i gcontaetha in aice láimhe

iv. An Bord Pleanála

v. Tairseach EIA na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, rinneadh roinnt tionscadail reatha agus/nó ceadaithe (arna liostú i **dTábla 2** thíos) a aithint a bhféadfadh tionchar cumaisc a bheith i gceist i gcás na Láithreán Eorpach thuas agus ar a meas in éineacht leis an N6 CBCG agus iomlán na bpleananna agus na dtograí a mheastar agus a bhreithnítear i gCuid 12 den RTN agus i gCuid 4.14 san RFI. Léirítear i Líníocht CBCG-SK-OH-051 arna uasdátaú suíomh na dtograí reatha agus ceadaithe a liostaítear in **Tábla 2**.

Is iad na pleananna sin amháin a liostaítear in **Tábla 1** nó na pleananna sin amháin a liostaítear in **Tábla 2** a mheastar go mbeadh i ndán go mbeadh seans go dtarlódh tionchar cumaisc dá mbarr ar láithreacha Eorpacha (i gcumasc leis an N6 CBCG, astu féin, nó i gcumasc leis an N6 CBCG agus iomlán na dtograí sin agus na bpleananna sin a thugtar san áireamh in gCuid 12 den RTN agus i gCuid 4.14 den RTN) agus cuirtear as an áireamh aon seans go dtarlódh tionchar cumaisc i ndáil le pleananna agus tograí eile.

Leis an measúnacht sa tuarascáil bhreise nuashonraithe seo, déantar a bhreithniú agus a mheas an mbeadh tionchar cumaisc ag aon cheann de na pleananna foilsithe a liostaítear in **Tábla 1** agus na tograí reatha agus/nó ceadaithe a liostaítear in **Tábla 2** ar a n-áireamh in éineacht agus i gcumasc leis an N6 CBCG agus iomlán na bpleananna agus na dtograí a mheastar agus a bhreithnítear in Alt 12 den RTN
4.14 san ITF, ar na haidhmeanna caomhantais maidir le Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe, Limistéar SPA Loch Coirib agus Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh agus an dtarlódh aon tionchar chun dochair ar shláine cheann ar bith de na Láithreacha Eorpacha seo.

**Tábla 1: Pleananna nua ó foilsíodh an RTN**

| |
|---|
| An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta maidir le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (mar a aontaíodh an 24 Eanáir 2020) |
| Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018-2020 |
| Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018-2024 |
| Plean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 |
| Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann (2018-2021) |

| |
|---|
| An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 |
| Dréacht de Straitéis Oiriúnúcháin Aeráide Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2019 |

Tá síneadh curtha leis na pleananna seo a leanas maidir le húsáid talún, a ndearnadh a meas agus a mbreithniú maidir leis an measúnacht charnach a chuirtear i láthair i gCuid 12 den RTN, de bhun Alt 19(1)(d) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) trí sheirbheáil fógra Plean Ceantair Áitiúil a leagan amach, a leasú nó a chúlghairm a chur ar gcúl:

- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2012-2018, nó Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2012-2022 faoin tráth seo
- Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2013-2019, nó faoin tráth seo Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2013-2023
- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2012-2018, nó Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2012-2022 faoin tráth seo
- Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2013-2019, nó Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2013-2023 faoin tráth seo
- Plean Ceantair Áitiúil Óráin Mhóir 2012-2018, nó Plean Ceantair Áitiúil Óráin Mhóir 2012-2022 faoin tráth seo
- Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2014-2020 - cuireadh an próiseas athbhreithnithe reachtúil maidir leis bplean forbartha ar athlá nó go mbeadh an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta maidir le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (mar a aontaíodh an 24 Eanáir 2020) glactha, agus níl sin atosaithe fós.

Baineann an próiseas dá dtagraítear thuas le síneadh a chur le dáta deireadh feidhme gach plean faoi leith acu sin maidir le húsáid talún. Dá ainneoin sin, tarlaíonn i ngach cás go bhfuil ábhar an phlean mar a foilsíodh roimh an dáta iarchurtha agus is mar a chéile an mheasúnacht ar na bunleaganacha de gach plean úsáid talún sa RTN agus an mheasúnacht RTN a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2018.

**Tábla 2: Tograí reatha agus tograí ceadaithe ón tráth ar foilsíodh an RTN**

| ABP tag. | CCG tag. | Sonraí | Reatha/Dáta ar Ceadaíodh an Cinneadh |
|---|---|---|---|
| - | 19/372 | OÉG Páirceanna Nua Imeartha<br>Cead pleanála maidir le páirc imeartha amháin 3G agus páirc imeartha amháin féir maidir leis na cluichí Gaelacha/sacar maille le hinfreastruchtúr coimhdeach, sconsaí chun liathróidí a stopadh, tuilsoilse, draenáil, réimse forfheabhsaithe bithéagsúlachta agus na hoibreacha suímh ar fad a ghabhann leis an bhforbairt. | FÓGRA MAIDIR LE CINNEADH CEAD PLEANÁLA A DHEONÚ Meán Fómhair, 2020 -ACHOMHARC TAISCTHE LEIS ABP |
| 306222-19 | FST 19/1 | Bóthar an Bhaile Bháin Mhóir 102 aonad cónaithe (24 teach, 78 árasán), saoráid cúraim leanaí & oibreacha suímh bainteacha. Bóthar an Bhaile Bháin Mhóir, Baile an Bhriotaigh, Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe.<br>www.ballybanemoreroadshd.ie | CEADA ITHE 21/04/20 |
| 306403-19<br>306403-20 | FST 18/9 | 255 spás leapa do mhic léinn. Bóthar Chúil Each, Tír Oileáin, Co. na Gaillimhe.<br>www.cooloughstudentresidences.ie | DEONA ITHE 16/06/20 20 |
| - | 20/47 | Cnoc Aibhistín (Ar chúl Stáisiún Ceannt)<br>Baineann an fhorbairt atá beartaithe le togra athbheochana i gceantar uirbeach le meascán úsáide de na cineálacha seo a leanas: cónaí, miondíolachán, caiféanna/bialanna, óstán, oifigí, pictiúrlann, áiseanna cúram leanaí, áiseanna pobail agus cultúir, páirceáil agus oibreacha suíomh a ghabhann leis an bhforbairt. Tá EIAR agus RTN leis an iarratas ar chead pleanála | REATHA 21/04/202 0 IARRATAS TF 15/6/2020 |
| 20/46 | | Bóthar an Chlaí Bháin Mionchluana agus Crosbhóthar Mhionchluana<br>Tá cead pleanála á lorg don fhorbairt a bheidh comhdhéanta de leasuithe agus athruithe ar chead pleanála a deonaíodh roimh seo 14/248 (Tag An Bord Pleanála: PL 61.245292). (77 aonad cónaithe) | REATHA IARRATAS TF 04/06/2020 |
| 20/83 | | Bóthar Stiofáin, Ráthún, Gaillimh<br>Struchtúir atá ann a leagan, bloc árasán 4 stór (18 aonad cónaithe)<br>https://plan.galwaycity.ie/?file_number=2083 | REATHA IARRATAS TF 14/07/2020 |
| 20/101 | | 2,3,4 Cnoc na Cathrach (R336)<br>Bóthar na Trá (17 árasán) Cead á lorg don fhorbairt a bheidh comhdhéanta de<br>Stáisiún Seirbhíse Peitril, Siopa agus tancanna bainteacha a leagan chomh maith le tithe cónaithe atá faoi bhun an chaighdeáin a bhfuil aghaidh an láithreáin ar Bhruach na Mara a leagan agus chun forbairt nua ilúsáide a thógáil lena n-áirítear 17 aonad cónaithe | REATHA IARRATAS TF 16/07/2020 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| - | 20/261 | Cead á lorg ag Strategic Land Investments Limited d'fhorbairt ilúsáide a mbeidh achar urláir foriomlán (GFA) de thuairim is 97,936 méadar cearnach. i gceist ar láithreán circa 6.81 heicteár do13 bloc forbartha (A-M) 2 go 8 ar airde | REATHA 19/10/2020 |

| **Tag ABP** | **Tag GCC** | **Sonraí** | **Reatha/Dáta ar Ceadaíodh an Cinneadh** |
|---|---|---|---|
| | | stór ar airde chomh maith le páirceáil ag leibhéal an urláir agus san íoslach. 2, comhdhéanta d'oifigí tráchtála, óstán, ionad áineasa agus aonaid chónaithe agus saoráidí áineasa do chónaitheoirí | |
| 304345-19 | FST 18/5 | Bóthar Leitrí, Leitreach, Ráthún. 101 aonad cónaithe (46 teach, 55 árasán), áis cúram leanaí & oibreacha suímh ar thailte soir as Baile an Mhóinín. | DEONA ITHE 02/08/20 19 |
| 304762-19 | FST 18/4 | Bóthar Bhaile an Mhóinín Thoir i mbaile fearainn Bhaile na mBúrcach. Teach agus sciobóil a ghabhann leis a leagan agus 238 aonad cónaithe (113 teach, 125 árasán) a thógáil maille le saoráid cúraim leanaí & oibreacha suímh bainteacha ar thailte, Gaillimh. | DEONA ITHE 14/10/20 19 |
| 304928-19 | FST 18/6 | Crown Square, Bóthar Mhuine Mheá & Bóthar an tSeoighigh, An Baile Nua. 288 aonad cónaithe. | DEONA ITHE 30/10/20 19 |
| 301693-18 | FST 18/1 | An Daingean, An Caisleán Nua Uachtarach. Cóiríocht do Mhic Léinn. 394 leaba (53 árasán) | CEADA ITHE 04/01/20 19 |
| 303846-19 | FST 18/3 | OÉG, An Campas ó Thuaidh, An Daingean, 471 leaba do mhic léinn | CEADA ITHE 11/06/20 19 |
| | 19/107 | Scéim Soláthar Uisce Iarthar na Gaillimhe – Oibreacha Iontógála MCU Thír Oileáin agus Príomhphíobán Aníos Chnoc an Chlocháin (Uisce Éireann). Cead pleanála maidir le forbraíocht lena mbaineann oibreacha nua iontógála amhábhar uisce suite ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe, 100m anuas le sruth ó Dhroichead na gCúig Chéad; píobáin ag gabháil leis sin chun uisce a aistriú ó na hoibreacha iontógála nua go dtí na hoibreacha iontógála reatha óna seoltar soláthar chuig Monarcha Cóireála Uisce (MCU) Thír Oileáin; agus príomhphíobán nua aníos don uisce cóireáilte idir MCU Thír Oileáin agus an príomhphíobán reatha aníos ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe. RTN san áireamh. | CEADA ITHE 24/01/20 20 |

# 2 Measúnacht Chumaisc Fhoriomlán

Leagtar amach in **Tábla 3** den tuarascáil bhreise seo an toradh ar an measúnacht chumaisc seo i ndáil leis an N6 CBCG i gcumasc le gach ceann de na tograí agus de na pleananna a thugtar san áireamh i gCuid 12 den RTN agus i gcumasc leis na tograí agus na pleananna a bhreithnítear sa doiciméad seo i gcumasc leis an N6GCRR.

De réir na measúnachta in gCuid 12 den RTN agus i gCuid 4.14 den RFI, níl aon seans go dtarlódh tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i gcumasc le haon cheann de na pleananna ná de na tograí a tugadh san áireamh ó thús sa mheasúnacht cumaisc maidir leis an RTN, ná go deimhin le hiomlán na dtograí agus na bpleananna sin in éineacht, agus ar an gcuma chéanna, níl aon seans go dtarlódh tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i gcumasc le haon cheann de na pleananna ná de na tograí breise, nó le hiomlán na dtograí agus na bpleananna sin, a thugtar faoi mheas sa cháipéis seo, iad a mheas i gcumasc leis na pleananna sin agus na tograí a tugadh san áireamh ó thús sa mheasúnacht cumaisc maidir leis an RTN.

Ní tharlóidh dá réir sin tionchar chun dochair ag an N6 CBCG ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ann féin ná i gcumasc le haon phlean ná togra eile agus níl ábhar amhrais ó thaobh na heolaíochta i leith na comhairle sin.

Níl gá ná riachtanas le haon bhearta breise maolúcháin mar gheall ar an measúnacht breise seo.

## Tábla 3: Measúnacht maidir le Tionchar Cumaisc

| Uimh. Thag Plean/Tionscadail. | |
|---|---|
| **An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta (SRSE) maidir le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair** | Cuirtear bonn taca leis an RSES faoin gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus polasaithe agus aidhmeanna eacnamaíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm trí chreat straitéiseach pleanála agus eacnamaíochta fadtéarmach a chur ar fáil maidir le cúrsaí forbartha i dtrí cinn de réigiúin: Réigiúin an Tuaiscirt agus an Iarthair; Réigiún an Deiscirt; agus Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.<br>Rinneadh Measúnacht Chuí i ndáil leis an SRSE maidir le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair arna bhunú ar Thuarascáil Tionchair Natura (TTN) a ullmhaíodh i ndáil leis an Dréacht de SRSE maidir le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus Measúnacht MC i ndáil leis na leasuithe ábhartha ar an Dréacht de SRSE maidir le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, lena n-áirítear na beart maolúcháin atá á moladh agus na haidhmeanna uileghabhálacha maidir le cúrsaí timpeallachta ar dlúthchuid den straitéis iad d'fhonn a dheimhniú nach mbíonn tionchar chun dochair ag an SRSE ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha.<br>De réir na comhairle ar ar thángthas san RTN maidir leis an N6 CBCG agus i bhfianaise na mbeart maolúcháin a leagtar amach go sonrach sa ráiteas sin (féach Cuid 10 san RTN), ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ann féin ná i gcumasc le haon phlean ná togra eile.<br>Ar na bearta maolúcháin a luaitear mar chuid den RSES maidir le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus an straitéis maolúcháin maidir leis an N6 CBCG a luaitear san RTN, a thabhairt san áireamh, níl aon seans go dtiocfadh tionchar cumaisc de chineál ar bith chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar an timpeallacht gabhdóireachta i Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar SPA Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe ná Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, nó lena n-imreofaí tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |
| **Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann (2018-2021)** | Is é cuspóir atá leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí go n-ísleofaí na leibhéil truaillithe, go bhfeabhsófaí stádas chaighdeán an uisce agus go seachnófaí meath ar chaighdeán an uisce san abhantracht. Déanfaidh siad maitheas dá réir sin maidir le riocht caomhantais na láithreacha Eorpacha taobh istigh den ZoI a choinneáil go maith nó a chur ar ais mar ba cheart agus níl aon chonair tionchair ionchais trína bhféadfadh tionchar dochrach a bheith acu ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha.<br>Is tionchar chun sochair a bheidh ag an bplean seo ar chaighdeán an uisce in abhantracht Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe. Dá réir sin, níl aon seans go dtiocfadh tionchar cumaisc de chineál ar bith chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar an timpeallacht gabhdóireachta i Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar SPA Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe or Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, nó lena n-imreofaí tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |
| **Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018-2020** | Féachtar trí Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018-2020 le bonn treise a chur faoi phobal na Gaeilge, scileanna agus fostaíocht a fhorbairt, bearta ealaíne a chur chun cinn, agus forbairt inbhuanaithe eacnamaíochta, shóisialta agus chultúir a chothú. |

| **Uimh. Thag Plean/Tionscadail.** | |
|---|---|
| | Níl aon bheart forbartha faoi leith ná togra straitéiseach á chur chun cinn ná chothú le Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018-2020 in ionaid shonraithe ina bhféadfaí modhanna ionchais tionchair a shonrú a chuirfeadh isteach ar an timpeallacht gabhdóireachta i Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar SPA Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe nó Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh.<br>Os a choinne sin, d'fhéadfadh aon togra a chuirtear i bhfeidhm i gceantar na Gaillimhe faoin bplean seo san am atá i ndán a bheith taobh istigh de Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar SPA Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe nó Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, nó a bheith suite in ionad a mbeadh na láithreacha Eorpacha sin taobh istigh den réimse ionchais tionchair a ghabhfadh leis.<br>Ní mór na coinníollacha pleanála faoin reachtaíocht a shásamh i ndáil le haon togra a theastaíonn chun aidhmeanna Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018-2020 a bhaint amach, chomh maith le coinníollacha na bpleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.). I gcomhthéacs cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, is iad na pleananna for-réiseacha maidir le húsáid talún Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2022 agus Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020.<br>Luaitear aidhmeanna agus polasaithe i ngach ceann de na pleananna sin maidir le húsáid talún arb é cuspóir atá leo cosaint na láithreacha Eorpacha ar aon togra forbartha a bheartaítear laistigh de réimse feidhme an phlean a chinntiú. Cuirtear iad sin i láthair in Aguisín O leis an RTN.<br>I bhfianaise na bpolasaithe maidir le cosaint na timpeallachta a luaitear sna pleananna sin maidir le húsáid talún agus ó tharla nach mbeidh tionchar chun dochair as féin ag forbairt an bhóthair atá beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, níl aon seans go dtiocfaidh toradh chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha ag Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018-2020 i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. |
| **Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018-2024** | Tarlaíonn Limistéar cSAC Loch Coirib taobh istigh de na teorainneacha maidir le Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018-2024, agus tá Limistéar SPA Loch Coirib le sruth ó limistéar an phlean. Dá réir sin bheadh seans go mbeadh tionchar ag Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018-2024 ar an dá láthair Eorpacha sin.<br>Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe Measúnacht Chuí maidir le Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018-2024, bunaithe ar an Tuarascáil Tionchair Natura agus na bearta maolúcháin a luaitear ansin agus thángthas ar an gcomhairle nach mbeadh tionchar chun dochair ag an bplean ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, lena n-áirítear Limistéar cSAC Loch Coirib or Limistéar SPA Loch Coirib.<br>De réir na comhairle ar ar thángthas san RTN maidir leis an N6 CBCG agus i bhfianaise na mbearta maolúcháin a leagtar amach go sonrach sa ráiteas sin (féach Alt 10 san RTN), ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ann féin ná i gcumasc le haon phlean ná togra eile.<br>Ar na bearta maolúcháin a luaitear mar chuid de Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018-2024, agus an straitéis maolúcháin maidir leis an N6 CBCG a luaitear san RTN, a thabhairt san áireamh, níl aon seans go dtiocfadh tionchar cumaisc de chineál ar bith chun |

| | |
|---|---|
| | tosaigh a chuirfeadh isteach ar an timpeallacht gabhdóireachta i Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar SPA Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe or Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, nó lena n-imreofaí tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |

| **Uimh. Thag Plean/Tionscadail.** | |
|---|---|
| **Plean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024** | Tá an limistéar a thagann faoi Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán scoite ó aon láthair Eorpach agus gan aon seans go dtarlódh tionchar díreach. Dá ainneoin sin, bheadh seans ann go bhféadfadh tionchar eascairt ó fhorbraíocht a bheadh ceangailte le Plean Ceantair Áitiúil na nArdán a chuirfeadh isteach ar chaighdeán screamhuisce, a chuirfeadh leis an ualach ar MCFu Inis Caorach, agus a thabharfadh ar éin geimhridh a bhainfeadh leis an éanlaith SCI i limistéir SPA in aice láimhe athrú ó réimsí gnáthóige iontu.<br><br>De réir na measúnachta in gCuid 12 den RTN, rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe Scagadh maidir le Measúnacht Chuí i ndáil leis an Dréacht de Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 agus thángthas ar an gcomhairle, de thoradh na scagthástála sin “nach bhfuil aon seans go dtarlódh tionchar suntasach mar gheall ar an Dréacht de Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán ar na láithreacha Eorpacha, as féin nó i gcumasc le pleananna agus tograí eile”.<br><br>Chuir na Comhaltaí Tofa leasuithe ábhartha ar an Dréacht de Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 chun cinn ina dhiaidh sin agus cuireadh iad sin freisin faoi Scagadh maidir le Measúnacht Chuí (*Tuarascáil ar an Scagadh maidir le Measúnacht Chuí i ndáil le Leasuithe Ábhartha ar an Dréacht de Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024*, Eanáir 2018) agus thángthas ar an gcomhairle maidir leis an bplean leasaithe nach bhfuil aon seans go dtarlódh tionchar suntasach ar na láithreacha Eorpacha mar gheall ar an bplean as féin nó i gcumasc le pleananna agus tograí eile.<br><br>I bhfianaise a luaitear thuas agus ó tharla nach mbeidh tionchar chun dochair as féin ag forbairt an bhóthair atá beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ní tharlóidh aon tionchar chun dochair ag Plean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |
| **An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019** | Is straitéis ardleibhéil an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 d'fhonn díriú ar athrú aeráide ar an leibhéal náisiúnta trí astaíocht carbóin a ísliú ar fud earnálacha éagsúla ionas go sásaítear na spriocanna idirnáisiúnta maidir le hastaíocht. Gealltar, ina leith sin, go gcuirfear tograí infreastruchtúir i bhfeidhm chun na spriocanna sin a shásamh ach ní dhéantar tagairt go sonrach d'ionaid ina gcuirfí isteach ar aon cheann de na ceithre láthair Eorpach atá taobh istigh de réimse tionchair ionchais thogra forbartha an bhóthair bheartaithe: Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar SPA Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe or Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh.<br><br>Ní mór aon togra a thagann chun cinn faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 nó a thagann faoina scáth, a bheith i gcomhréir le haidhmeanna agus le polasaithe na bpleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúla etc.). I gcomhthéacs Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar SPA Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe agus Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, is iad na pleananna maidir le húsáid talún a bhaineann le hábhar Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2022 agus Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020. Tá aidhmeanna agus polasaithe ag baint le gach ceann de na pleananna seo maidir le húsáid talún d'fhonn cosaint na láithreacha Eorpacha a chinntiú i ndáil le haon togra a chuirtear chun cinn i limistéar an phlean. Cuirtear na cuspóirí agus polasaithe cosanta sin i láthair in **Aguisín O** leis an RTN.<br><br>I bhfianaise na bpolasaithe maidir le cosaint na timpeallachta a luaitear sna pleananna sin maidir le húsáid talún agus ó tharla nach mbeidh tionchar chun dochair as féin ag forbairt an bhóthair atá beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, níl aon bhaol ináirithe |

| **Uimh. Thag Plean/Tions cadail.** | |
|---|---|
| | go dtiocfadh toradh chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha mar gheall ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. |
| **Dréacht de Straitéis Oiriúnúcháin Aeráide Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2019** | Leagtar amach i Straitéis Oiriúnúcháin Aeráide Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2019-2024 (an Straitéis Oiriúnúcháin) na bearta straitéiseacha príomhthábhachta agus seifteanna oiriúnúcháin i gContae na Gaillimhe go ceann cúig bhliana; faoi mar a éilítear faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015.<br>Thángthas ar an gcomhairle in *Report for the Purposes of AA Screening* (Arup, 2019) gur féidir an seans go dtarlódh tionchar suntasach ar na láithreacha Eorpacha a chur as an áireamh maidir leis an Dréacht de Straitéis Oiriúnúcháin. Ina fhianaise sin, agus ó tharla nach mbeidh tionchar chun dochair as féin ag forbairt an bhóthair atá beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ní tharlóidh tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha mar gheall ar an Straitéis Oiriúnúcháin i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. |
| **Páirceanna Nua Imeartha OÉG (19/372)**<br>**FÓGRA MAIDIR LE CINNEADH CEAD PLEANÁLA A DHEONÚ ACH ACHOMHARC TAISCTHE LEIS ABP** | Is é atá i gceist le togra forbraíochta 19/372 dhá pháirc imeartha a chur ar fáil i bhfearann Champas ó Thuaidh OÉG, an Daingean. Beidh páirc imeartha féir amháin i gceist faoi achar iomlán 1.6 heicteár chomh maith le páirc imeartha 3G gach cineál aimsire faoi achar iomlán 1.5 heicteár. Mar chuid den obair forbartha freisin, tógfar seomraí feistis sealadacha soir ó láthair na bpáirceanna beartaithe agus bealach nua isteach ón mbóthar áise atá ar an gcampas spóirt faoi láthair go dtí an tÁras Spóirt agus láthair na forbartha atá beartaithe. Déantar soláthar freisin do réimse forfheabhsaithe bithéagsúlachta lena n-áirítear crainn a chur chomh maith le bearta ionchais eile (e.g. blocáil draenacha agus locháin a chruthú).<br>Tá an togra forbraíochta suite buailte go díreach ar Limistéar cSAC Loch Coirib agus bheadh seans go dtarlódh tionchar i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirfeadh isteach ar chaighdeán an uisce dromchla in Abhainn na Gaillimhe agus níos faide le sruth i gCuan na Gaillimhe mar gheall ar an seans go dtarlódh éilliú ar an uisce dromchla i rith chéim na tógála nó chéim na húsáide agus an seans go gcuirfí isteach ar an madra uisce i rith chéim na tógála.<br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (RTN) a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid maidir le togra forbraíochta 19/372, sonraítear Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe agus Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh a bheith taobh istigh den réimse tionchair ionchais maidir le tionchar ar chaighdeán an uisce i rith chéim na tógála agus chéim na húsáide agus cur isteach ar an madra uisce i rith chéim na tógála. Luaitear bearta maolúcháin san RTN a cuireadh faoi bhráid leis an iarratas d'fhonn a chinntiú go ndírítear ar gach tionchar ionchais – i.e. go gcaomhnaítear caighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe i rith chéim na tógála agus chéim na húsáide, agus go maolaítear aon chur isteach ón obair thógála oiread agus is féidir. Dá réir sin, ar na bearta maolúcháin sin a chur i bhfeidhm, ní bheidh togra forbraíochta 19/372 ina chúis le haon tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha.<br>De réir na comhairle ar ar thángthas san RTN maidir leis an N6 CBCG agus i bhfianaise na mbeart maolúcháin a leagtar amach go mion sa ráiteas sin (féach Cuid 10 den RTN), ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, lena n-áirítear Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe agus Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, ann féin ná i gcumasc le haon phlean ná togra eile.<br>Ar na bearta maolúcháin maidir le togra forbartha 19/372 agus an straitéis maolúcháin maidir leis an N6 CBCG a luaitear san RTN, |

| | |
|---|---|
| | a thabhairt san áireamh, níl aon seans go dtiocfadh tionchar cumaisc de chineál ar bith chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar an timpeallacht gabhdóireachta in cSAC Loch Coirib, |

| Uimh. Thag Plean/Tionscadail. | |
|---|---|
| | Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe or Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, nó lena n-imreofaí tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |
| **Cnoc Aibhistín, (CCG tag. 2047)** | Is é atá i gceist le togra forbraíochta 20/47 togra athbheochana i gceantar uirbeach le meascán cineálacha úsáide ar úsáid chónaithe an cineál is tábhachtaí acu agus na cineálacha seo uilig a leanas san áireamh: cónaí, miondíolachán, áiseanna fóillíochta agus pobail, páirceáil, réimsí poiblí agus na hoibreacha suímh a ghabhann leis, tochailt, foirgnimh neamhchosanta a scairteáil, seirbhísí, áiseanna stórála dramhaíola agus garraíodóireacht phictiúrtha.<br><br>Tá an togra forbraíochta suite buailte go díreach ar Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe agus Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh agus bheadh seans go dtarlódh tionchar i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirfeadh isteach ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe i rith chéim na tógála.<br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (RTN) a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid maidir le togra forbraíochta 20/47, sonraítear Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe agus Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh a bheith taobh istigh den réimse tionchair ionchais maidir le tionchar ar chaighdeán an uisce. Luaitear bearta maolúcháin san RTN a cuireadh faoi bhráid leis an iarratas d'fhonn a chinntiú go ndírítear ar gach tionchar ionchais – i.e. go gcaomhnaítear caighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe i rith chéim na tógála agus chéim na húsáide. Dá réir sin, ar na bearta maolúcháin sin a chur i bhfeidhm, ní bheidh togra forbraíochta 20/47 ina chúis le haon tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha.<br>De réir na comhairle ar ar thángthas san RTN maidir leis an N6 CBCG agus i bhfianaise na mbearta maolúcháin a leagtar amach go mion sa ráiteas sin Alt 10 san RTN), ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, lena n-áirítear Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe agus Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, ann féin ná i gcumasc le haon phlean ná togra eile.<br>Ar na bearta maolúcháin maidir le togra forbartha 20/47 agus an straitéis maolúcháin maidir leis an N6 CBCG a luaitear san RTN, a thabhairt san áireamh, níl aon seans go dtiocfadh tionchar cumaisc de chineál ar bith chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar an timpeallacht gabhdóireachta i Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe or Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, nó lena n-imreofaí tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |

| | |
|---|---|
| **Scéim Soláthar Uisce Iarthar na Gaillimhe –Oibreacha Iontógála MCU Thír Oileáin agus Príomhphíobán Aníos Chnoc an Chlocháin**<br>**19/107** | Is é atá i gceist le togra forbraíochta 19/107 oibreacha nua iontógála amhábhar uisce suite ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe, 100m anuas le sruth ó Dhroichead na gCúig Chéad; píobáin ag gabháil leis sin chun uisce a aistriú ó na hoibreacha iontógála nua go dtí na hoibreacha iontógála reatha óna seoltar soláthar chuig Monarcha Cóireála Uisce (MCU) Thír Oileáin; agus príomhphíobán nua aníos don uisce cóireáilte idir MCU Thír Oileáin agus an príomhphíobán reatha aníos ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe.<br>Ó tharla sin i Limistéar cSAC Loch Coirib, bheadh seans go dtarlódh tionchar i gcumasc leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirfeadh isteach ar chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe chomh maith le cur isteach ar speicis fiadhúlra uisce in Abhainn na Gaillimhe.<br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (RTN) a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid maidir le togra forbraíochta 19/107, sonraítear Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe agus Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh a bheith taobh istigh den réimse tionchair ionchais maidir le tionchar ar chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe/Cuan na Gaillimhe i rith chéim na tógála agus le tionchar ar speicis uisce (e.g. an loimpre agus an bradán Atlantach) mar gheall ar an gcóras iontógála uisce. Luaitear bearta maolúcháin san RTN a cuireadh faoi bhráid leis an iarratas d'fhonn a chinntiú go ndírítear ar gach tionchar ionchais – i.e. go gcaomhnaítear caighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe agus níos faide le sruth i gCuan na Gaillimhe i rith chéim na tógála agus |

| **Uimh. Thag Plean/Tions cadail.** | |
|---|---|
